# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

---

# GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

---

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

---

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

---

| CEIST 1 | – CEAPADÓIREACHT– | [120 marc] |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH – (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An t-am den bhliain is fearr liom.

(ii) Duine a bhfuil meas mór agam air.

(iii) Is aoibhinn liom spórt.

## B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) Bhí mála codlata, *wellies* agus bia agam. Bhí mé réidh don deireadh seachtaine. ...

**nó**

(ii) 'Bí cinnte nach dtéann tú isteach sa pháirc mhór ar thaobh an chnoic,' arsa an feirmeoir liom. Bhí brón orm nár éist mé leis an rud a dúirt sé. ...

## C – LITIR – (60 marc)

(i) Fuair tú bronntanas álainn ó chara leat ar do bhreithlá nuair a bhí tú 18 mbliana. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an gcara sin ag gabháil buíochais leis/léi **agus** ag insint dó/di faoin úsáid a bhaineann tú as an mbronntanas.

**nó**

(ii) D'eagraigh tú féin agus do chairde sa séú bliain cóisir ag deireadh na bliana (*Debs*). Bhí gach rud go breá ach amháin an bia san óstán. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig bainisteoir an óstáin, ag gearán **agus** ag lorg cuid den airgead ar ais.

## D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Ba mhaith leatsa cúpla lá a chaitheamh ag rothaíocht faoin tuath an samhradh seo ach b'fhearr le do chara deireadh seachtaine a chaitheamh sa chathair. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Is maith leatsa am a chaitheamh ar *Facebook* nó ar *Twitter* ach ceapann do chara gur cur amú ama iad. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoi sin.

| CEIST 2 | – LÉAMHTHUISCINT – | [100 marc] |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## John Hume: An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann

**1.** Rugadh John Hume i nDoire sa bhliain 1937. D'fhreastail sé ar Choláiste Choilm. I ndiaidh na meánscoile, chuaigh sé go dtí Coláiste Phádraig i Maigh Nuad. Bhí sé ag smaoineamh ar a bheith ina shagart ach d'athraigh sé a intinn tar éis tamaill. Rinne sé staidéar ar an Stair agus ar an bhFraincis. Bhain sé MA amach agus ansin d'fhill sé ar Dhoire agus fuair sé post mar mhúinteoir.

**2.** Bhunaigh sé féin agus roinnt daoine eile Comhar Creidmheasa i nDoire. Ní raibh sé ach 27 mbliana d'aois nuair a toghadh é ina uachtarán ar Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Bhí sé ina Uachtarán ó 1964 go dtí 1968. Dúirt sé le déanaí gurbh é an rud ba mhó a raibh sé bródúil as ná an obair a rinne sé do ghluaiseacht na gComhar Creidmheasa ar fud na hÉireann ar fad. Tugann an Comhar Creidmheasa seans do gach duine sa tír, fiú do na daoine is boichte, beagán airgid a chur i dtaisce go rialta agus iasachtaí a fháil nuair a bhíonn airgead ag teastáil uathu.

**3.** Sa chóras polaitiúil a bhí i dTuaisceart na hÉireann ag an am, ní raibh cothrom na féinne le fáil ag an bpobal náisiúnach Caitliceach. Thosaigh daoine ag iarraidh cúrsaí a athrú sna seascaidí, agus ghlac Hume páirt sa ghluaiseacht i nDoire ar son rialtas áitiúil cóir a bhunú. Níorbh fhada gur toghadh é mar fheisire chuig na parlaimintí in Stormont, Westminster agus sa Bhruiséil. Rinneadh ceannaire de ar a pháirtí, an SDLP, sa bhliain 1979. Bhí sé gníomhach ag lorg cearta daonna sa Tuaisceart, ag iarraidh socrú polaitiúil a aimsiú ann, agus ag mealladh monarchana chuig an áit. De réir mar a bhí an foréigean ag méadú sheas sé go láidir ar son modhanna síochána. Sna nóchaidí bhí ról lárnach aige sna cainteanna le réiteach síochánta a fháil ar na trioblóidí i dTuaisceart na hÉireann. Mar thoradh ar na cainteanna sin d'fhógair an IRA sos cogaidh i 1994. D'éirigh siad as an bhforéigean agus ghlac Sinn Féin páirt ghníomhach sa chóras polaitiúil. Thuill Hume ardmheas idirnáisiúnta as a chuid oibre agus bhuaigh sé Duais Nobel na Síochána in éineacht le David Trimble i 1998.



**4.** Nuair a d'éirigh Hume as ceannaireacht an SDLP in 2001 moladh go hard é as a raibh déanta aige ar son Dhoire, a pháirtí, an phobail agus ar son na síochána. Mhol na páirtithe go léir in Éirinn é. Ní raibh gach duine chomh moltach céanna laistigh dá pháirtí féin, áfach. Dúradh, mar shampla, go raibh sé rórúnda ina chaidreamh le baill an pháirtí, gur fhan sé rófhada sa phost mar cheannaire agus nár thug sé seans do dhaoine nua tabhairt faoi na dúshláin nua a bhí rompu i ndiaidh 1994.

**5.** Sa bhliain 2010, cúig bliana tar éis do Hume éirí as an bpolaitíocht de bharr cúrsaí sláinte, ainmníodh é ar an Late Late Show mar 'An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann'. Bhí pobal na tíre tar éis vótáil dá rogha duine as cúigear a bhí ainmnithe don ghradam. Is é John Hume an t-aon duine ar domhan a bhfuil na trí ghradam, Duais Gandhi don tSíocháin, Duais Martin Luther King agus Duais Nobel na Síochána buaite aige. Ghlac sé go humhal leis an ngradam is deireanaí seo, ag gabháil buíochais leo siúd ar fad a chuidigh leis Éire níos síochánta a chruthú.

**1.** (a) Cén áit **agus** cathain a rugadh John Hume? (Alt 1)
(b) Cén post a fuair sé nuair a d'fhill sé ar Dhoire? (Alt 1) — 10 marc

**2.** (a) Cén aois a bhí aige nuair a toghadh ina Uachtarán é ar Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa? (Alt 2)
(b) Conas a chabhraíonn an Comhar Creidmheasa leis na daoine is boichte sa tír? (Alt 2) — 10 marc

**3.** Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar na cainteanna i dTuaisceart na hÉireann sna nóchaidí. (Alt 3) — 10 marc

**4.** Luaigh **dhá** ghearán a rinne daoine laistigh dá pháirtí faoi John Hume. (Alt 4) — 10 marc


**5.** (a) Cathain a bronnadh an gradam 'An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann' air? (Alt 5)
(b) Luaigh na **trí** ghradam a bhuaigh John Hume. (Alt 5) — 10 marc

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Sinéad Ahearne: Laoch Pheil na mBan in 2010

**1.** Is í Sinéad Ahearne an peileadóir a d'ainmnigh *Foinse* mar Imreoir na Bliana i bPeil na mBan ag deireadh na bliana 2010. Fuair sí an gradam mar gheall ar an ról lárnach a bhí aici ar fhoireann Bhaile Átha Cliath a rinne gaisce i Meán Fómhair 2010. Bhuaigh siad Craobh na hÉireann sa pheil shinsearach den chéad uair agus thug siad Corn Bhreandáin Uí Mháirtín abhaile leo go dtí an Ardchathair. Agus is maith a bhí na gradaim sin tuillte ag Sinéad. Cé go bhfuil sí óg fós – níl sí ach 24 – tá sí ar phainéal Bhaile Átha Cliath le roinnt blianta anuas. Sular bhuaigh sí an bonn Uile-Éireann seo, bhí briseadh croí aici i dtrí chraobhchluiche. Is maith mar a thuigeann peileadóir mar Shinéad go bhfuil fírinne sa seanfhocal: Is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.



**2.** Aithnítear a cuid tallann ar fud na hÉireann. Bhain sí gradam *All Star* amach den chéad uair sa bhliain 2009 ach ainmníodh don ghradam ceithre huaire roimhe sin í. Scóráil sí 4-19 san iomlán do Bhaile Átha Cliath i gCraobhchomórtas Sinsir TG4 in 2010. De réir mar a bhí an comórtas ag dul ar aghaidh agus brú ag teacht ar Bhaile Átha Cliath is ea is fearr a d'imir sí. Uair ar bith a bhí an fhoireann i bponc is ise a bhí ar fáil chun breith ar an liathróid sa líne lántosaithe. Fuair Baile Átha Cliath scór beagnach gach uair a bhí an liathróid ina seilbh aici.

**3.** Sa chluiche ceathrú ceannais i gcoinne Chontae an Chláir scóráil sí 2-4. Sa chluiche leathcheannais i gcoinne Chontae Laoise, níor scóráil sí ach dhá chúilín. Is beag scór a bhí sa chluiche sin, agus ní raibh le spáráil ag Baile Átha Cliath ach an dá chúilín. Ba í Sinéad laoch na himeartha an lá sin dar le tromlach an lucht féachana. Thug sí inspioráid dá comhimreoirí ar a bealach ciúin féin. Ghlac sí freagracht uirthi féin ar an lá. Níor stop sí ag imirt ó thús deireadh an chluiche.

**4.** Ach is dócha gur choimeád sí taispeántas na bliana go dtí an lá mór, Dé Domhnaigh, 26 Meán Fómhair, i bPáirc an Chrócaigh i gcoinne Thír Eoghain. Ní raibh cúlaithe Thír Eoghain in ann í a stopadh agus scóráil sí 2-7 an lá sin. Ag caint dó ar a taispeántas an lá sin, dúirt Páidí Ó Sé, duine de laochra Chiarraí, go raibh a cuid imeartha iontach. I ndáiríre, mhol sé do pheileadóirí ó gach contae féachaint ar fhíseán an chluiche sin chun foghlaim ó scileanna Shinéad. Ba chóir do gach tosaí sa tír a bheith ag iarraidh an caighdeán sin a bhaint amach, dar leis.

**5.** An rud iontach faoin imreoir seo ó chlub San Silbheastair i Mullach Íde i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath ná go bhfuil sí breá socair agus nach bhfuil sí mórtasach aisti féin. Agus í ag glacadh le gradam Laoch na hImeartha lá an chraobhchluiche, mhol sí a cuid comhimreoirí, a club, a clann agus peileadóirí Thír Eoghain a bhí tar éis cailliúint. Labhair sí faoin tábhacht a bhaineann le foghlaim na scileanna, le traenáil, le comhimirt agus le misneach a bheith ag duine nuair a theipeann air nó uirthi. Is sampla maith de na rudaí sin go léir í féin, a chuir an brón agus an díomá go léir taobh thiar di agus a bhuaigh an duais mhór an fómhar seo caite.



**1.** (a) Cén gradam a bhronn *Foinse* ar Shinéad Ahearne ag deireadh 2010? (Alt 1)
(b) Cén aois atá ag Sinéad? (Alt 1) — 10 marc

**2.** (a) Cén bhliain ar bhain Sinéad a céad ghradam All Star? (Alt 2)
(b) Cén áit ar an bpáirc a n-imríonn Sinéad? (Alt 2) — 10 marc

**3.** Luaigh **dhá** rud a rinne Sinéad sa chluiche leathcheannais i gcoinne Chontae Laoise. (Alt 3) — 10 marc

**4.** (a) Cén scór a fuair sí sa chluiche ceannais i gcoinne Thír Eoghain? (Alt 4)
(b) Luaigh duine amháin a bhí an-tógtha le himirt Shinéad sa chluiche ceannais. (Alt 4) — 10 marc

**5.** (a) Cén saghas duine í Sinéad? (Alt 5)
(b) Luaigh **dhá** ghrúpa a mhol Sinéad. (Alt 5) — 10 marc

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

**GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA (120 marc)**

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

STAMPA AN IONAID

**[Caithfidh do chuid freagraí uile sa Triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.]**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | |

## CUID A

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén dream a chuir an fógra seo amach? | |
| Cén Ghaeltacht atá luaite anseo? | |
| Rud **amháin** is gá a bheith ag duine don phost seo. | |
| Cén baile a bhfuil Coiste Forbartha na Gaeltachta ann? | |

## FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cad a bheidh á sheoladh in oifigí Fhoras na Gaeilge?

________________________________________________________________

**(b)** Cá bhfuil oifigí an Fhorais?

________________________________________________________________

**2.** **(a)** Cé mhéad téarma atá aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge?

________________________________________________________________

**(b)** Cé a thug moladh mór don rud nua seo?

________________________________________________________________

## FÓGRA A TRÍ

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén lá a bheidh an lá spóirt ar siúl? | |
| Cén áit a mbeidh sé ar siúl? | |
| Cad é an táille iontrála do dhaoine fásta? | |
| Luaigh imeacht pléisiúir **amháin** a bheidh ar siúl. | |

# CUID B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cé mhéad lá atá an rialtas nua in oifig, dar le hAindriú?

________________________________________________________________

**2.** Cá bhfuil na daoine óga ag dul, dar le Síle?

________________________________________________________________

*An Dara Mír*

**1.** Conas atá ag éirí leis an gcuid is mó de na hÉireannaigh óga a fhágann an tír, dar le Síle?

______________________________

**2.** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an mbaile, dar le hAindriú.

______________________________

**COMHRÁ A DÓ**

*An Chéad Mhír*

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Clár amháin atá luaite anseo. | |
| Oíche amháin a mbíonn na cláir theilifíse seo ar siúl. | |
| Cén uirlis cheoil a sheinneann Pádraig? | |
| Cé hiad na daoine nach maith le Máire iad? | |

*An Dara Mír*

**1.** Cén fáth nach maith le Máire na daoine sin ar an teilifís?

______________________________

**2.** Cén fáth a raibh Simon Cowell ar tí tosú ag magadh faoi Susan Boyle, dar le Pádraig?

______________________________

**COMHRÁ A TRÍ**

*An Chéad Mhír*

**1.** Cén fáth ar chuir Des Bishop na seónna ar ceal, dar le Ciarán?

______________________________

**2.** Cén aois a bhí Des Bishop nuair a tháinig sé go hÉirinn, dar le Ciarán?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cé mhéad ama a thóg sé ar Des Bishop an Ghaeilge a fhoghlaim, dar le Nóirín?

______________________________________________

**2.** Tabhair píosa **amháin** eolais faoin múinteoir nua Gaeilge.

______________________________________________

# CUID C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó.** Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### PÍOSA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An chathair inar léiríodh an dráma. | |
| Rud **amháin** a scríobh Micheál roimhe seo. | |
| An t-ainm atá ar an sobaldráma. | |
| An dáta a dtosóidh Féile Ealaíon na Gaillimhe. | |

### PÍOSA A DÓ

**1.** Cén post atá ag Peadar Mac Suibhne?

______________________________________________

**2.** Cé mhéad bliain atá caite aige ag obair ar an Chlochán Liath?

______________________________________________

### PÍOSA A TRÍ

**1.** Cén contae a mbeidh Ritchie Ó hEadhra ag obair ann?

______________________________________________

**2.** Luaigh ceann **amháin** de na himeachtaí Gaeilge atá sé i gceist ag Ritchie a eagrú.

______________________________________________